Meánscoil San Nioclás
16.10.12
Polasaí agus nósmhaireacht iontrála

Ráiteas Scoile

Is scoil dara leibhéal, lán-ghaelach í Meánscoil San Nioclás, suite i nGaeltacht na nDéise. 'Sé dualgas pobal na scoile uilig an Ghaeilge agus an cultúr a chaomhnú agus a chur chun cinn, agus tús áite a thabhairt don teanga i gcónaí.

Tá luachanna traidisiúnta i bhfeidhm sa scoil maidir le cúrsaí teanga, cúrsaí iompair, éide scoile agus cúrsaí smachta.

Tá sé mar aidhm ag Meánscoil San Nioclás an bóthar a réiteach do gach dalta a lán-acmhainn a bhaint amach go h-intleachtúil, go fisiciúil, go spioradálta, go cultúrtha, go sóisialta, tré mheán na Gaeilge.

Déantar iarracht ar leith ins an scoil féiníomhá dearfach a chothú i ngach aon duine, mar aon le meas a chothú dá chéile, dá dtimpeallacht agus don bpobal uile.

Aithnímid cearta agus freagrachtaí tuismitheoirí agus caomhnóirí dleathacha ina ról mar bhunoideachasóirí agus fáiltímid roimh a dtacaíocht agus a gcomhpháirtíocht i saol na scoile.

Is scoil lánGhaelach í an Mheánscoil le traidisiún Críostúil, ag gníomhiú faoi stiúir Choiste Gairmoideachais Chontae Phort Láirge, i gcomhpháirtíocht le Meánscoil San Nioclás Teo. 'Sí an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a sholáthraíonn acmhainn airgid agus múinteoireachta don scoil. Glactar le sintiúis deonacha ó thuismitheoirí/caomhnóirí agus eagraíonn tuismitheoirí agus foireann na scoile imeachtaí éagsúla le h-airgead a sholáthar.

Glacann Meánscoil San Nioclás le cláir agus le rialacha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus cuirtear iad seo i bhfeidhm fad is acmhainn dúinn. Leantar cláracha na Roinne ach gheobhadh athrú a bheith ar an gclár seo ó am go ham de réir Roinn 9(30) den Acht Oideachais, 1998.

Sé bliana oideachais atá i gceist sa scoil. 'Sé sin le rá go bhfuil an Idirbhliain éigeantach i Meánscoil San Nioclás fé láthair.

Earcaíocht

- Cuairt ar na bunscoileanna LánGhaelacha i rith Mhí na Samhna.
- Cuirtear foirmeacha iarratais agus bróisiúirí chuig scoileanna eile san abhantracht.
- Bíonn Maidin Oscailte ann i Mí na Samhna de ghnáth

Clarú Daltaí

An Cur Chuige Éigeantach

- Bíonn an dalta agus na tuismitheoirí ag an Mhaidin Oscailte i Mí na Samhna**.**
- Bíonn an dáta deiridh don gclarú ann ag tosach Mí na Nollag.
- Cuirtear in iúl do thuismitheoirí taobh istigh de 21 lá den dáta deiridh **muna mbítear** ag glacadh leis an dalta.
- Tionóltar cruinniú eolais do thuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí ag tosach Mí an Mheithimh, roimh thosnú don dalta.

Má tá níos mó ná 30 dalta ag lorg áite sa chéad bhliain, is mar seo a leanas a dháilfear na háiteanna:

1. Daltaí ó S.N. na Rinne agus S.N. Baile Mhic Airt a théann tríd an bpróiséas iontrála atá thuas luaite.

a. Páistí atá líofa sa Ghaeilge

b. Crannchur

Tar éis freastal ar an dá scoil Ghaeltachta, má tá áiteanna fágtha, leanfar leis na ndáileadh mar seo:

2. Daltaí ó Ghaelscoileanna eile a théann tríd a bpróiséas iontrála, in ord a agus b thuas.
3. Daltaí ó scoileanna Béarla, a théann tríd an bpróiséas iontrála, in ord a agus b thuas.

Próiséas Measúnaithe - Teaghlaigh ó scoileanna Béarla

- Cuirfear páipéar measúnaithe scrite amach ar an dalta sa nGaeilge.
- Déanfar comhrá gairid i nGaeilge leis an ndalta.
- Déanfar coinne leis na tuismitheoirí chun an rogha is oiriúnaí oideachais don dalta a phlé. Cuirfear béim fé leith ar thábhacht na Gaeilge agus Riail na Gaeilge sa scoil ag an gcoinne san.

Clár an Pholasaí

Glacfar le gach dalta a dhéanann iarratas ar an scoil don gCéad Bhliain, suas go dtí **uimhir de tríocha**, fad is:

A. Go nglacann na tuismitheoirí agus an dalta leis an gCód Iompair, agus go dtacaíonn siad le h-éthos na scoile.
B. Go bhfuil ar chumas an dalta a s(h)aol a chaitheamh tré mheán na Gaeilge.
C. Go bhfuil an fhoirm iarratais iomlán istigh in am le gach riachtanas comhlíonta ann.
D. Gurb acmhainn don scoil oideachas cuimsitheach a chur ar fáil don dalta má tá riachtanas speisialta acu.
E. Go bhfuil an dalta agus na tuismitheoirí tar éis dul tríd an bpróiséas iontrála iomlán atá leagtha síos.
F. Go mbeidh ar a laghad dhá bhliain déag d'aois ag an ndalta ar an 1ú Eanáir tar éis theacht isteach dóibh.

Más acmhainn don scoil glacadh le níos mó ná 30 dalta, déanfar gach iarracht an uimhir a scoilteadh i ndá leath. Is ranganna measctha cumais a bheidh sa rang.

Is féidir le dalta aistriú go dtí an scoil seo:

- Fad is go sásaíonn siad polasaí iontrála na scoile.
- Fad is go bhfuil an scoil seo sásta le cúis an aistriúcháin.
- Fad is go bhfuil áit sa rang dóibh ó thaobh uimhreacha de.
- Caithfidh caighdeán tinrimh, iompair agus foghlama an dalta a bheith sásúil de réir eolas a bheidh bailithe ón scoil eile.
- Caithfear glacadh le polasaithe agus rialacha na scoile.

Cé go n-aithníonn an Bord Bainistíochta an ceart atá ag tuismitheoirí/caomhnóirí maidir lena bpáiste a clárú ina rogha scoil, tá an Bord Bainistíochta freagrach do chearta an phobail scoile atá ann freisin, agus freagrach do chearta na ndaltaí atá cláraithe sa scoil cheana féin ach go háirithe.

Dá bharr san, tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta diúltiú do dhalta clárú nó clárú dalta a chur ar athló má bhí an dalta foréigneach le daltaí eile nó foréigneach le foireann scoile cheana nó má bhí an dalta tar éis díobháil a dhéanamh do shealúchas scoile eile ina raibh sé/sí.

Daltaí le Riachtanais Speisialta

Tá polasaí scrite ag Meánscoil San Nioclás maidir le Múinteoireacht Tacaíochta.

Cuirtear fáilte roimh dhaltaí le deacrachtaí foghlamtha nó fisiciúla, fad is go sásaíonn siad an Polasaí Iontrála sa ghnáth slí agus go bhfuil na h-áiseanna againn chun oideachas cuimsitheach a thabhairt dóibh.

Déanfar gach iarracht tacaíocht oiriúnach a fháil d'aon dalta a bhfuil deacrachtaí foghlamtha nó fisiciúla acu. Tabharfar dóibh gach áis gurb acmhainn don scoil a thabhairt dóibh.

Fáiltíonn Meánscoil San Nioclás roimh dhaltaí le Riachtanais Speisialta fad is gurb acmhainn dó/di a s(h)aol scoile a chaitheamh tré mheán na Gaeilge.

Nuair a chuirtear in iúl dúinn go bhfuil riachtanais speisialta ag dalta atá le clárú iarrfar cóip de thuairisc leighis/siceolaíochta agus tuairisc oideachais an dalta. Ag éirí as an tuairisc, is féidir go n-iarrfar ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tuilleadh acmhainní a sholáthar, mar shampla cúntóir riachtanais speisialta, troscán/fearas ar leith nó modh iompair cuí.

Cuirfear cinneadh Bord Bainistíochta na scoile in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí taobh istigh de 21 lá ón dáta deiridh iontrála.

Is ag Coiste Gairmoideachais Chontae Phort Láirge a bheidh an focal deireanach maidir le dalta a bheith cláruithe sa scoil.

Meánscoil San Nioclás

School Admission Policy and Procedure

16.10.12

Mission Statement

Meánscoil San Nioclás is a second level, all-Irish school situated in the Déise Gaeltacht. It is the duty of the entire school community to preserve the Irish language and culture and to advance it in every possible manner.

The school supports traditional values as regards behaviour, discipline and school uniform.

It is our aim to empower and facilitate the individual student to reach his/her potential intellectually, physically, spiritually, culturally, socially through the medium of the Irish language. We promote a positive self-image in each individual, as well as respect for the community and environment.

We acknowledge the rights and responsibilities of parents and legal guardians in their role as primary educators and we welcome and encourage their support and involvement in school life.

Meánscoil San Nioclás is an all-Irish co-educational school, with Christian values, which operates under the aegis of the Department of Education and Science. Financial and teaching resources are supplied by the Department of Education and Science through Co. Waterford V.E.C. Voluntary donations are accepted from parents and guardians. Parents/guardians, pupils and school staff also organise fundraising events in the school.

The school operates within the regulations laid down from time to time by the Department of Education and Science. Implementation of the school plan and school policies must have due regard to resources and funding available. The school follows the curricular programmes prescribed by the Department of Education and Science which may be amended from time to time in accordance with Section 9(30) of the Education Act 1998.

Meánscoil San Nioclás is under the patronage of Co. Waterford VEC. We offer a six year programme. In order to facilitate the broadest educational experience possible the Transition Year Programme is compulsory.

Recruitment

- Visits to local all-Irish primary schools during November.
- Information brochures and application forms will be sent to English speaking schools.
- An Open Morning will be held the school in November.

Enrolment Policy

We will accept all 1st year students who make an application to the school up to a maximum number of 30 students provided that:-

A. The parent(s) and student accept the school's Code of Behaviour and that they fully support the school ethos.

B. That the student has the ability and the desire to be educated through the medium of Irish.

C. That the completed application is submitted on time.

D. That the school can accommodate the student if s/he has special needs.

E. That the student and parent have participated fully in the enrolment process.

F. That the student will be at least 12 years old on the 1st of January following entry to 1st year.

Registration of Students.

Enrolment Process

- The student, parent/guardian must attend the Open Morning
- Fully completed applications will be accepted from new students until early in December (as advertised) in the school year preceding their entry to 1st year.
- Parents will be informed within 21 days of the closing date if the **school is not** offering the student a place.
- An information evening will be held for all parents/guardians and students in early June, prior to the student beginning in the school.

Assessment Process for families from English speaking schools

- Students will be given a written assessment in Gaeilge.
- A short conversation, as Gaeilge, will be held with the student
- An appointment will be conducted with the parent to discuss the most suitable education choice for their student. Emphasis will be placed on the importance of the Irish language in Meánscoil San Nioclás at this meeting.

Enrolment Policy

If the school has sufficient resources to accept more than 30 students, every effort will be made to divide the group in two. If the classes are divided in 1st year, they will be classes of Mixed Ability.

If there are more than 30 applicants for First Year the following order will apply:

1. Pupils of S.N. na Rinne and Baile Mhic Airt who go through the application process as laid out in this document.

   If there are more than 30 applicants from the two schools, places will be allotted in the following manner:

   a. Children who are fluent in Irish.
   b. Lottery.

If there are places left after the above:

2. Pupils from other Gaelscoileanna (allotted in order a and b as above)
3. Other pupils (as at a and b above)

Students may transfer to this school under the following conditions:

- That they satisfy the entrance policy of the school
- That the school is satisfied with the reason for this transfer is sound.
- That the other school will be requested to provide information about attendance/educational standard/special needs, etc.
- That there is space available in this school for the student.
- That the parents and student fully accept the school policies and rules.

While recognising the rights of the parents/guardians to enrol their child in the school of their choice, the Board of Management must also respect the rights of the existing school community and in particular the children already enrolled in this school. Consequently, the BOM reserves the right to refuse or defer enrolment of a student with a history of violence towards other pupils, towards staff or with a history of damaging property belonging to previous schools.

Students with Special Needs

Meánscoil San Nioclás has a written policy with regard to Support Teaching.
We welcome students with physical or learning difficulties once they satisfy our school admissions policy and that we have the resources available to give them a comprehensive education.

Every effort will be made to get support for any student with physical/learning difficulties. Any resources that the school can provide will be offered to the student.
Meánscoil San Nioclás welcomes students with physical or learning difficulties once have the desire and the ability to study through the medium of Irish.

When a student with special needs is being enrolled a medical/psychological report will be sought from the national authorities as well as an educational report on the student.

At the time of enrolment the school will need to assess the educational and training requirements of the student and the services which will be required by the school. Arising from this, the Department of Education and Science may be asked to supply further resources, i.e. special assistant/suitable furniture/equipment or suitable mode of transport.

Parents/guardians will be informed of the school's decision with 21 days from the closing date for enrolment.

Co. Waterford V.E.C. has the final word as regards the enrolment of a student in the school.